



Iarmhairt cheaptha teasa

Tá aeráid dheas ag ár bpláinéad i gcomparáid lenár gcomharsana. Ar an Domhan is é 58 C an teocht is airde a taifeadh agus is é -89 C an teocht is ísle. Mar sin féin, don chuid is mó den phláinéad bíonn na teochtaí i bhfad níos deise an chuid is mó den am. Níl an meán-teocht ach thart ar 14 C. Is é an chúis atá leis seo ár n-atmaisféar. Tá meascán de gháis agus aer mórthimpeall ar an bpláinéad. Teastaíonn aer uainn chun anáil a tharraingt, ach gníomhaíonn gáis áirithe san aer mar bhrat thart ar an Domhan, rud a choinníonn teas na Gréine ó éalú amach sa spás. Tá gáis áirithe an-mhaith ag ceapadh teas na Gréine. Is í an dé-ocsaíd charbóin an ceann is tábhachtaí díobh seo. Scríobhann eolaithe CO2 mar leagan gairid de dhé-ocsaíd charbóin.

An timthriall carbóin

Tá carbóin i ngach áit agus i ngach rud beo – tú féin san áireamh! Ach ní fhanann carbóin in aon áit amháin – tá sé ag bogadh i gcónaí ó chuid amháin den phláinéad go cuid eile agus bíonn sé ag athrú a fhoirme. Mar shampla, tá carbón san aer go príomha mar ghás (dé-ocsaíd charbóin, nó CO2) a ionsúíonn plandaí, lena n-áirítear crainn, agus na haigéin. Tógann ainmhithe, sinne san áireamh, carbón isteach nuair a itheann siad plandaí agus nuair a easanálaíonn siad amach é mar CO2 le linn riospráide. Nuair a fhaigheann plandaí agus ainmhithe bás, bíonn a gconablaigh ag lobhadh agus ag dian-scaoileadh, cuirtear cuid den charbón isteach sa talamh agus scaoiltear cuid de isteach san aer mar dhé-ocsaíd charbóin.

Cad is cúis leis an athrú aeráide?

Choinnigh an timthriall carbóin an leibhéal CO2 san atmaisféar níos cobhsaí, isteach 's amach, ar feadh na mílte bliain. Mar sin féin, tá gníomhaíochtaí an duine ag cur isteach ar an gcothromaíocht íogair seo. Scaoileann an ráta ag a ndóimid breoslaí iontaise CO2 níos tapúla ná mar is féidir é a bhaint go nádúrtha. Ciallaíonn difhóraoisíú coillearnaí agus foraoisí trópaiceacha go mbaintear níos lú carbóin as an atmaisféar go nádúrtha. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an méid CO2 san atmaisféar ag méadú. Tá an pláinéad ag téamh agus tá sé seo ag athrú aeráidí ar fud an phláinéid.

Cuireann gníomhaíochtaí daonna eile, amhail draenáil agus gearradh portach, talmhaíocht, feirmeoireacht bheostoic, agus táirgeadh ceimiceán, le hathrú aeráide freisin.

Aimsir seachas aeráid

Is rudaí difriúla iad an aimsir agus an aeráid ach tá gaol eatarthu. Is é is brí le haimsir na dálaí laethúla in áit ar leith – mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith scamallach agus fliuch lá amháin agus grianmhar an lá dá gcionn. Is é is brí le haeráid na meándálaí aimsire in áit thar thréimhsí réasúnta fada ama (e.g. 30 bliain). Tá aeráid the thirim sna fásaigh, mar shampla, agus tá an tArtach agus an tAntartach fuar agus tirim.

An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Gníomhaireachta ar son na hAeráide, Ár bpláinéad, ár dtodhchaí: Ag dul i ngleic leis an athrú aeráide le chéile, Oifig na bhFoilseachán, 2018

Iarmhairtí an athraithe aeráide - Ábhar machnaimh

Tá iarmhairtí an athraithe aeráide á mothú ar gach mór-roinn ar fud an domhain agus táthar ag tuar go mbeidh siad ag dul i méid agus i ndéine sna blianta amach romhainn. Tá fadhbanna difriúla le sárú ag tíortha agus réigiúin dhifriúla. Tá sé de chumhacht ag na hathruithe seo ár saol a athrú ó bhonn, rud a dhéanann difear do sholáthairtí bia agus uisce agus dár sláinte. Dá mhéad na fadhbanna, is ea is deacra agus is costasaí é iad a réiteach – agus is é sin an fáth gurb é an rogha is fearr beart luath a dhéanamh chun déileáil le hathrú aeráide.

Meascán tubaisteach le haghaidh barr agus le haghaidh soláthar bia domhanda is ea teas marfach agus easpa uisce. Is é an toradh atá air seo ná níos lú bia, rud atá ina fhadhb mhór toisc go bhfuil daonra an domhain ag méadú ó thart ar 7.5 billiún inniu go 9 billiún faoi 2050 – mar sin beidh níos mó bia ag teastáil uainn, seachas níos lú. Tá ár soláthar bia i mbaol freisin ag droch-iarmhairtí an athraithe aeráide ar bheacha agus ar phailneoirí eile. Ciallaíonn sé seo go léir go gcaithfidimid an t-athrú aeráide a chosc an oiread agus is féidir linn agus ár dtalmhaíocht a chur in oiriúint chun déileáil le hathrú aeráide.

Facts



Ag éirí níos teo

Sa bhliain 2016, bhí an Domhan thart ar 1.1 ° C níos teo ná mar a bhí sé go déanach sa 19ú haois – agus tá an mheánteocht dhomhanda chun ardú níos mó fós thar an chéid seo chugainn. Ní shílfeá gur mórán é 1.1 ° C ach cuimhnigh air seo:

- Tharla an chuid is mó den téamh go dtí seo le blianta beaga anuas, mar sin tá an t-ardú teochta ag luasghéarú.
- Ná déan dearmad, is meánmhéadú é seo: tá roinnt áiteanna i bhfad níos teo agus tá cinn eile níos fuair. Beidh níos mó triomach i go leor áiteanna agus beidh níos mó tuilte in áiteanna eile. Mar shampla, tá an tArtach éirithe i bhfad níos teo le 60 bliain anuas agus d'fhéadfadh sé a bheith saor ó oighear sa samhradh faoi 2040. Tá an Eoraip ag téamh ar shlí níos tapúla ná áiteanna eile ar domhan.

An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Gníomhaireachta ar son na hAeráide, Ár bplainéad, ár dtodhchaí: Ag dul i ngleic leis an athrú aeráide le chéile, Oifig na bhFoilseachán, 2018

SIOPADÓIREACTH INBHUANAITHE

An chéad uair eile a chuireann tú rud éigin sa bhosca bruscair, smaoinigh air. Ar an meán, caitheann gach duine den 500 milliún duine atá ina gcónaí san AE thart ar leath tona bruscair tí amach gach bliain! Cé go bhfuil an méid dramhaíola atá á hathchúrsáil ag dul i méid, tá go leor di ag dul go dtí láithreáin líonadh talún i gcónaí. De réir mar atá an dramhaíl ag lobhadh, scaoileann sí méideanna ollmhóra meatáin – gás ceaptha teasa cumhachtach - isteach san aer, rud a chuireann le hathrú aeráide. Sa lá atá inniu ann, ciallaíonn bainistíocht dramhaíola níos fearr go bhfuil níos mó fuinnimh á aisghabháil, agus is mór an difríocht a dhéanann reachtaíocht an AE maidir le líonadh talún. Tá sé níos tábhachtaí sa lá atá inniu ann cosc a chur ar dhramhaíl]mar tá an daonra domhanda ag méadú agus sinne ag ídiú ár soláthair fhinidigh d'acmhainní nádúrtha.

ISamhlaigh filleadh ón ollmhargadh agus an tríú cuid de do chuid siopadóireachta a chaitheamh díreach isteach sa bhosca bruscair. Is é sin, a bheag nó a mhór, an cion bia a tháirgtear ar fud an domhain a chailtear nó a chuirtear amú gach bliain. Tá an Coimisiún Eorpach ag obair chun cabhrú chun an scéal faoi shiopadóireacht a scaipeadh go ciallmhar, brí na ndátaí ar lipéid bhia, agus na rudaí atá fágtha a úsáid.

Glacadh treoirilínte AE i mí Dheireadh Fómhair 2017 chun é a dhéanamh níos éasca – áit a bhfuil sé sábháilte déanamh amhlaidh - farasbarr bia a thabhairt do bhainc bia nó a úsáid mar bheatha ainmhithe. Oibrímis go léir le chéile chun an 90 milliún tona bia a chuirtear amú faoi láthair san AE a laghdú!

Pláinéad Sona

CLUCHE MATA INBHUANAITHE

Gníomhartha



Dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (WEEE)

Is é seo an chatagóir dramhaíola is mó fáis san AE. Tá WEEE lán de phlaistigh agus miotail, lena n-áirítear cinn dhíobhálacha cosúil le mearcair agus cinn luachmhara cosúil le hór a úsáidtear i gcláir chiorcaid. Tá spriocanna leagtha síos ag an AE maidir le leictreonaic a athchúrsáil chun acmhainní a shábháil agus srian a chur ar na hábhair ghuaiseacha is féidir le monaróirí a chur i leictreonaic, athchúrsálaithe agus an comhshaol a chosaint.

FUINNEAMH INATHNUAITE

Bealach amháin chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú is ea níos mó fuinnimh in-athnuaite a úsáid, amhail gaoth agus grianchumhacht. Soláthraíonn siad seo soláthairtí fuinnimh gan teorainn, murab ionann agus breoslaí iontaise a bheidh ídithe lá éigin. Agus murab ionann agus breoslaí iontaise a dhó i stáisiúin chumhachta, is beag gás ceaptha teasa a ghineann leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite.

Tá an AE ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, agus tá go leor tíortha AE ag giniúint a gcuid leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite cheana féin. Ní hamháin go laghdaíonn sé astaíochtaí má fhaighimid ár gcuid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ach ciallaíonn sé freisin go gcaitear sé níos lú ar allmhairí guail, ola agus gáis ó thíortha lasmuigh den Aontas. Sa bhliain 2015, is ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a tháinig beagnach 17% d'fhuinneamh an Aontais. Is é an plan é sin a mhéadú go 27% ar a laghad faoi 2030.

An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Gníomhaireachta ar son na hAeráide, Ár bpláinéad, ár dtodhchaí: Ag dul i ngleic leis an athrú aeráide le chéile, Oifig na bhFoilseachán, 2018

ROGHA CHLISTE A DHÉANAMH

Agus tú féin? An bhfuil imní ort faoi na bagairtí a bhaineann leis an athrú aeráide? Ná bíodh imní ort, is féidir linn rud éigin a dhéanamh faoi.

An bhfuil tú diongbháilte faoin ngá atá le hastaíochtaí carbóin a laghdú? Áit mhaith le tosú is ea trí athruithe a dhéanamh ar ghníomhartha laethúla a laghdaíonn do lorg carbóin.

Níl aon ghníomh a dhéanann tú róbheag.

Slí amháin inar féidir leat difríocht a dhéanamh ná trí roghanna cliste inbhuanaithe a dhéanamh.

- Iompar níos glaine: Bí ag siúl, ag rothaíocht nó úsáid iompar poiblí nuair is féidir. Bain triail eitilt a sheachaint más féidir leat.
- Úsáid fuinneamh ar shlí níos cliste: Ná téigh seomraí níos mó ná mar is gá. Úsáid bolgáin solais atá tíosach ar fhuinneamh.
- Aiste bia ghlas: Tá neart torthaí agus glasraí agus níos lú feola a ithe neamhdhíobhálach don aeráid agus sláintiúil freisin. Gan bia a chur amú.
- Bí éisealach maidir le pacáistiú: Cruthaíonn pacáistiú plaisteach a lán dramhaíola agus is minic gur deacair é a athchúrsáil. Déan iarracht gan táirgí pacáistithe a cheannach agus tóg mála in-athúsáidte chun do siopadóireacht a iompar abhaile.



LEIDEANNA DEN SCOTH!

- Laghdaigh líon na dturas sa ghluaisteán.
- Siúil nó rothaigh nuair atá sé sábháilte é sin a dhéanamh agus tóg iompar poiblí nuair is féidir.
- Múch na soilse agus fearais nuair nach bhfuil tú á n-úsáid. Má fhágtar an teilifís nó ríomhaire ar an modh fuireachais ídítear roinnt fuinnimh i gcónaí. Tá an scéal mar an gcéanna má fhágann tú do ghuthán cliste plugáilte isteach thar oíche – agus fiú nuair nach bhfuil do luchtaire ceangailte le do ghuthán, tá sé ag draenáil leictreachais! Trí phlugaí gléasanna a bhaint agus gléasanna a mhúchadh is féidir leat costais fuinnimh bhliantúla do thí a laghdú faoi oiread agus 10%.
- Dá laghdófá an teirmeastat faoi 1 °C d'fhéadfadh sé bille fuinnimh do theaghlaigh a laghdú faoi 10% – agus trí theocht níos ísle a shocrú don oíche agus nuair a bhíonn tú imithe ón teach laghdóidh tú an bille níos mó fós.
- Múch an sconna agus tú ag scuabadh do chuid fiacla – sábháilfidh sé seo an-chuid lítear d'uisce. Chomh maith leis sin, an raibh a fhios agat go n-úsáideann cithfholcadh gairid in ionad folctha suas le ceithre huaire níos lú fuinnimh agus i bhfad níos lú uisce?

European Commission, Directorate-General for Climate Action, Our planet, our future: fighting climate change together, Publications Office, 2018